Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2216

18.10.2023

**CINNEADH (AE) 2023/2216 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 16 Deireadh Fómhair 2023**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne lena leasaítear an Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraife-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Bealtaine 2021, shínigh an tAontas Eorpach ('an tAontas') Comhaontú le Poblacht na hAirgintíne ('an Airgintín') maidir le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais, de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil ('CGTT 1994') de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ([1]).

(2) De réir an Chomhaontaithe an 10 Bealtaine 2021, cuirfidh an tAontas an Airgintín ar an eolas dá n-athrófaí, de thoradh na caibidlíochta le Comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (EDT) a bhfuil cearta acu faoi Airteagal XXVIII de CGTT 1994, na scaireanna arna gcomhaontú ina gcaibidlíocht dhéthaobhach.

(3) Mar thoradh ar an gcaibidlíocht le Comhaltaí EDT eile, chomhaontaigh an tAontas scaireanna dhá tharaif-chuóta a athrú, ar cuótaí iad a bhfuil cearta caibidlíochta ag an Airgintín ina leith.

(4) Chuir an tAontas an Airgintín ar an eolas faoi na modhnuithe sin, agus tugadh an plé i gcrích go rathúil an 15 Meitheamh 2023 trí inisealacha a chur le Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha ('an Comhaontú').

(5) Is é is cuspóir don Chomhaontú Comhaontú an 10 Bealtaine 2021 a leasú i ndáil le méid dhá tharaif-chuóta agus foráil a dhéanamh maidir le cionroinnt na gcuótaí ráta taraife a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de CGTT 1994 tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne lena leasaítear Comhaontú trí Mhalartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Chomhaontaithe sin a thabhairt i gcrích ([2]).

([1]) Comhaontú trí mhalartú litreacha idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na hAirgintíne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (IO L 264, 26.7.2021, lch. 3).

([2]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

*Airteagal 2*

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine/na daoine a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 16 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
T. RIBERA RODRÍGUEZ